C/2025/1678

11.3.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/1678)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Lanzarote'

PDO-ES-A0113-AM02

Dáta na teachtaireachta: 13 Eanáir 2025

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. FOCLAÍOCHT FHEABHSAITHE SA ROINN MAIDIR LEIS AN NASC

Tuairisc:

Tá tuairiscí ann ar an nasc do gach catagóir.

Baineann an leasú seo le pointe 7 den tsonraíocht táirge agus le pointe 8 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is é atá mar aidhm leis sin an nasc a neartú, ós rud é nach ndearnadh nasc de réir catagóire a bhunú leis an doiciméad bunaidh. Ní chuireann sé an nasc i mbaol, ach neartaíonn sé é. Thairis sin, ceartaíonn sé mainneachtain reachtaíocht a chomhlíonadh, ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 5(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34, gurb amhlaidh, i gcás ina gcumhdaítear in iarratas catagóirí éagsúla táirgí fíniúna, go léireofar na mionsonraí a dhearbhaíonn an nasc i gcás gach ceann de na táirgí fíniúna lena mbaineann.

2. CINEÁLACHA EILE PACÁISTITHE A CHUR SAN ÁIREAMH

Tuairisc:

Leathnaíodh an raon ábhar le haghaidh phacáistiú na bhfíonta a chumhdaítear. Go dtí seo, níor ceadaíodh ach buidéil ghloine agus pacáistiú 'mála i mbosca' i gcás toirteanna áirithe. Ceadaítear leis an leasú seo anois aon phacáistiú a chomhlíonann na ceanglais riachtanacha sláinte.

Déanann an t-athrú seo difear do phointe 8.b.10 den tsonraíocht táirge agus ní déanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Is é an aidhm atá ann deireadh a chur le srianta ar mhargú an táirge i gcineálacha eile pacáistithe nach ndéanann difear dochrach do cháilíocht, d'íomhá ná do ghradam na bhfíonta faoi chosaint, agus ar an gcaoi sin freastal ar éileamh oibreoirí an ATFC sin, agus é a dhéanamh níos éasca an táirge a mhargú agus an pacáistiú a oiriúnú do nósanna nua tomhaltóirí.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. AONAID GHEOGRAFACHA NÍOS LÚ A CHUIMSIÚ

Tuairisc:

Áirítear na bardais seo a leanas mar aonaid gheografacha níos lú: Arrecife, Haría, San Bartolomé, Teguise, Tías, Tinajo agus Yaiza Na riachtanais úsáide atá acu a rialáil agus an chaoi a bhfuil siad le feiceáil ar an lipéad.

Déanann an t-athrú sin difear do phointe 8.c.ii den tsonraíocht táirge agus do phointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Déantar an leasú seo i gcomhréir le hAirteagal 120(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus le hAirteagal 55 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún.

Is é an aidhm atá ann éilimh na dtomhaltóirí a shásamh maidir le heolas a bheith acu ar áit tionscnaimh bheacht na bhfíonta, agus freagairt do leas agus d'éilimh na dtáirgeoirí, na bhfíonsaothraithe agus na bhfíonlann i dtaca le saintréithe sonracha limistéir éagsúla an oileáin a shainaithint agus aird a tharraingt orthu.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Lanzarote

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3. Fíon licéir

4. Fíon súilíneach

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *FÍONTA – fíonta geala, rosé agus dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní mór na fíonta a bheith ina bhfíonta geala, rosé agus dearga,'darach' agus 'gan dair'. Tá siad go léir gléigeal agus gléineach ó thaobh amhairc de. Bíonn dath idir dath buí na tuí agus buí scothghlas ar na fíonta geala. Féadfaidh na fíonta rosé agus dearga a bheith dearg ar fud an raoin. De réir an bholaidh, bíonn siad láidir agus dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha orthu de dhéine mheasartha. De réir an bhlais, tá siad úr, cothromaithe agus leanúnach. Bíonn blasanna fanaile, spíosra, balsamacha agus rósta ar fhíonta a aosaítear i mbairillí, agus bíonn iarbhlas dian agus leanúnach orthu.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Aigéadacht luaineach uasta i bhfíonta:

— 3 mhí ar a laghad caite i mbairillí: 1,08 g/l (18 meq/l) i bhfíonta geala agus rosé agus 1,2 g/l (20 meq/l) i bhfíonta dearga.

— aosaithe ar feadh dhá bhliain ar a laghad: 1.5 g/l (25 meq/l)

* Uaschion sulfair:

Agus méid siúcra níos lú ná 5 g/l ann:

— 150 mg/l i gcás fíonta dearga.

— 200 mg/l i gcás fíonta geala agus rosé.

Agus méid siúcra atá cothrom le 5 g/l nó níos mó ná sin:

— 200 mg/l i gcás fíonta dearga

— 250 mg/l i gcás fíonta geala agus rosé.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 9

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *FÍON LICÉIR*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn na fíonta geala licéir gléigeal ó thaobh amhairc de, agus bíonn dath idir dath buí na tuí agus dath buí scothghlas orthu; bíonn dath 'craiceann oinniúin' agus dath bándearg sú craobh ar na fíonta licéir rosé, agus d'fhéadfadh imireacha corcairghorma a bheith orthu, agus bíonn dath dearg ar na fíonta dearga ar fud an raoin. De réir an bholaidh, bíonn siad láidir agus dea-bholaithe torthaíocha agus bláthacha orthu. Torthaí aibí, rísínithe agus criostalaithe. De réir an bhlais, bíonn na fíonta dian, blasta, cothromaithe agus an-chasta.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Uaschion sulfair:

— 150 mg/l i gcás inar lú an méid siúcra ná 5 g/l;

— 200 mg/l i gcás nach lú an méid siúcra ná 5 g/l.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 15

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *FÍON SÚILÍNEACH*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá na fíonta súilíneacha gléigeal ó thaobh amhairc de agus bolgáin mhíne agus coróin sheasta acu. De réir an bholaidh, tá dea-bholadh glan torthaí úra agus bláthanna bána orthu. Blasanna d'arán úrbhácáilte. Is fíonta láidre iad na fíonta rosé a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha orthu. Taitneamhach, fíneálta agus galánta sa bhéal.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

4. *FÍON SÚILÍNEACH AR ARDCHAIGHDEÁN*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán gléigeal ó thaobh amhairc de agus bolgáin mhíne agus coróin sheasta acu. De réir an bholaidh, tá dea-bholadh soiléir, úr orthu ach mar aon le bláthanna bána. Blasanna d'arán úrbhácáilte. Is fíonta láidre iad na fíonta rosé a bhfuil dea-bholaithe torthaíocha orthu. Taitneamhach, fíneálta agus galánta sa bhéal.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 5,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

5. *FÍON Ó FHÍONCHAORA RÓ-AIBÍ*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Tá na fíonta ó fhíonchaora ró-aibí gléineach agus gléigeal ó thaobh amhairc de, tá dath buí órga orthu i gcás na gcineálacha geala nó dath corcra orthu i gcás na gcineálacha dearga. De réir an bholaidh, tá siad láidir agus an-aramatach. De réir an bhlais, tá siad measartha olartha agus torthaíoch.

* I gcás nach bhfuil teorainneacha sonraithe, ní mór an reachtaíocht atá i bhfeidhm a chomhlíonadh.

* Uaschion sulfair:

Agus méid siúcra níos lú ná 5 g/l ann:

— 150 mg/l i gcás fíonta dearga.

— 200 mg/l i gcás fíonta geala agus rosé.

Agus méid siúcra atá cothrom le 5 g/l nó níos mó ná sin:

— 200 mg/l i gcás fíonta dearga

— 250 mg/l i gcás fíonta geala agus rosé.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13

— Aigéadacht iomlán íosta: 3.5 i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 25

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór na fíonchaora a bhuain go roghnaitheach, gan ach baisceanna sláintiúla fíonchaor a úsáid, ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte le haghaidh cineálacha atá beartaithe chun fíonta geala, rosé, dearga agus súilíneacha a dhéanamh; 12 % de réir toirte le haghaidh fíonta licéir; agus 16 % de réir toirte i gcás fíonta a dhéantar as fíonchaora ró-aibí. Cuirfear brúnna iomchuí i bhfeidhm maidir le húrfhíon agus fíon a eastóscadh agus maidir leis an méid sin scaradh ón marc, agus uastáirgeacht 74 % a bheith ann.

2. Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Ní fhéadfar ach córais mheicniúla nach ndéanann damáiste do chodanna soladacha triopall a úsáid chun úrfhíon fíonchaor úr a eastóscadh ó fhíonchaora úra san fhíonóireacht lena mbaineann coipeadh as an gcraiceann, nó fíon ó mharc fíonchaor coipthe san fhíonóireacht dhearg. Go háirithe, toirmiscfear brúiteoirí lártheifeacha ardluais a úsáid, agus brúnna leanúnacha a úsáid, ina gcuireann scriú Airciméidéis brú i gcoinne frithmheáchain. Tá toirmeasc sainráite ann freisin ar chleachtais réamhthéimh a úsáid le haghaidh úrfhíona nó fíona i láthair mairc chun iallach a chur ar eastóscadh lí.

3. Cleachtas saothraithe

Is iad na córais agus na cleachtais saothraithe na cinn a bhfuil meas acu ar cháilíocht an táirge nó a fheabhsaíonn cáilíocht an táirge, cé nach bhfuil siad traidisiúnta don oileán (sraith ghainimh bholcánaigh agus cosaint ghaoithe a úsáideann cuasa nó ballaí cloiche). Dlús plandála: ní rachaidh sé thar 3 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir. Is fíniúnacha neamhspleácha iad na córais treoraithe a phrúnáiltear go híseal leis an talamh, agus parral (pergola). Údaraítear uisciú tacaíochta le linn treorú fíniúnacha agus i bhfíonghoirt ina dtáirgtear fíonchaora, más rud é gurb é feabhsú cáilíochta is aidhm leis sin.

5.2. *Uastáirgeacht*

7 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

51,80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear oileán iomlán Lanzarote i limistéar táirgeachta, stórála, aosaithe agus buidéalaithe na bhfíonta sin.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALBILLO CRIOLLO

BASTARDO NEGRO - BABOSO NEGRO

BREVAL

BURRABLANCA

CABERNET SAUVIGNON

GUAL

LISTAN BLANCO DE CANARIAS

LISTAN NEGRO - ALMUÑECO

MALVASÍA ROSADA

MALVASÍA VOLCÁNICA

MERLOT

MUSCAT OF ALEXANDRIA

MOSCATEL NEGRO

NEGRAMOLL

PEDRO XIMENEZ

PINOT NOIR

RUBY CABERNET

SYRAH

TEMPRANILLO

TINTILLA

TORRONTÉS

VERDELLO

VIJARIEGO BLANCO - DIEGO

VIJARIEGO NEGRO

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Fíonta geala, rose agus dearga*

Tá córas saothraithe ag Lanzarote atá oiriúnach do dhrochdhálaí aimsire; báisteach íseal a bhfuil a meáin bhliantúla níos lú ná 150 mm, agus tionchar na ngaoth trádála beagnach seasmhach ar feadh na bliana, rud a fhágann gur gá na fíonghoirt a chosaint le ballaí cloiche. Is é an toradh a bhíonn air sin fíonta geala úra mianracha ag a bhfuil salandacht shainiúil. Tá dea-bholaithe torthaíocha de dhéine mheasartha ar na fíonta rosé agus tá siad cothromaithe i dtéarmaí aigéadachta agus neart alcóil. Bíonn na fíonta dearga éadrom, agus saintréith mhianrach ar leith ag baint leo.

8.2. *Fíon licéir*

In ainneoin a mhéide agus a thír-raoin, tá miocraeráidí éagsúla agus uaireanta éagsúla de sholas na gréine ag an oileán, agus is é 7.8 uair an chloig/sa lá an meánluach i rith na mbliana. Treisítear na fíonta a fhaightear dá bhrí sin le halcól agus bíonn tiúchan ard siúcra iontu. Aosaíonn siad chun teacht chun bheith ina bhfíonta a bhfuil castacht aramatach nach beag ag baint leo.

8.3. *Fíon súilíneach*

In ainneoin ár ngaireacht do mhór-roinn na hAfraice agus a bhuí le tionchar na ngaoth trádála, is é 20 °C meánteocht an oileáin, agus éagsúlachtaí teochta ann idir na míonna is fuaire agus is teo, agus an mheándifríocht sa teocht ann idir mí Eanáir agus mí Lúnasa, is é sin thart ar 7 °C. Fágann sé sin gur féidir fíonta aramatacha a bhfuil aigéadacht ard acu a fháil, rud a thugann úire dóibh sa bhéal.

8.4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

In ainneoin ár ngaireacht do mhór-roinn na hAfraice agus a bhuí le tionchar na ngaoth trádála, is é 20 °C meánteocht an oileáin, agus éagsúlachtaí teochta ann idir na míonna is fuaire agus is teo, agus an mheándifríocht sa teocht ann idir mí Eanáir agus mí Lúnasa, is é sin thart ar 7 °C. Fágann sé sin gur féidir fíonta aramatacha a bhfuil aigéadacht ard acu a fháil, rud a thugann úire dóibh sa bhéal.

Tá an toisc dhaonna fíor-riachtanach chun saintréithe an fhíona seo a bhaint amach, agus ní mór an róbhrú a bheith níos mó ná 3,5 bar nó cothrom leis sin, chomh maith le neart alcóil iomlán an bhunfhíona a bheidh 9 % de réir toirte ar a laghad. Is é sin an saintréith a idirdhealaíonn é ón gcatagóir roimhe seo.

8.5. *Fíon ó fhíonchaora ró-aibí*

Maidir leis an aeráid, tá meánteochtaí éadroma ag Lanzarote i rith na bliana agus tá Lanzarote nochta ag an ngrian ar feadh níos mó ná 2 800 uair an chloig ar an meán in aghaidh na bliana. Leis sin, in éineacht leis na córais saothraithe thraidisiúnta chuachthreoraithe agus/nó treoraithe parral íseal, is féidir leis na cineálacha a úsáidtear le haghaidh an chineáil fíonóireachta seo tiúchan siúcra idéalach agus paraiméadair nirt alcóil a bhaint amach chun na críche sin, as a n-eascraíonn fíonta atá an-aramatach agus dea-chothromaithe i dtéarmaí aigéadachta, milseachta agus alcóil.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Mar gheall ar shaintréithe speisialta an táirge, agus ar an ngá atá le cáil an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a chosaint, ceanglaítear fíonta ATFC 'Lanzarote' a bhuidéalú go heisiach i bhfíonlanna atá cláraithe sa chlár fíonlainne iomchuí. Caillfidh an fíon an ceart an t-ainmniúchán a úsáid mura gcomhlíontar an ceanglas sin.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór 'Lanzarote' a mharcáil ar lipéid na bhfíonta ATFC mar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh.

Féadfar aonaid gheografacha níos lú a lua freisin: Arrecife, Haría, San Bartolomé, Teguise, Tías, Tinajo agus Yaiza

Chun bheith in ann ainm an aonaid gheografaigh níos lú a úsáid ar an lipéad, ní mór an fíon a dhéanamh go heisiach as fíonchaora a tháirgtear san aonad geografach níos lú sin. Ní mór do tháirgeadh, aosú, i gcás inarb infheidhme, agus buidéalú a dhéanamh laistigh den aonad geografach sin freisin.

Ar an lipéad, ní ceadmhach ainm an aonaid gheografaigh níos lú a bheith le feiceáil i gcarachtair atá níos mó ná na carachtair a úsáidtear le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Lanzarote'.

Ní mór séalaí ráthaíochta, lipéid nó lipéid thánaisteacha uimhrithe, arna n-eisiúint ag an gcomhlacht bainistíochta, a bheith ag gach cineál pacáistithe fíona lena thomhailt. Ní mór iad sin a ghreamú ag an bhfíonlann féin, ar bhealach nach féidir iad a athúsáid.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.gobiernodecanarias.org/cmsgob2/export/sites/agpsa/icca/galerias/doc/calidad/v/lz/pliego.pdf